Coláiste an Eachréidh
12 FEB 2016
Brian Ó Maoilchiaráin

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

S15/16

Chuig: Údaráis na Scoileanna Dara Leibhéal

TÁILLÍ IONTRÁLA NA SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA IN 2016

Tá cuntas sa chiorclán seo ar rátaí na dtáillí iontrála ar na Scrúduithe Teistiméireachta in 2016.

1. (a) **Iarrthóirí atá ar scoil**
Is iad seo a leanas na táillí a bheidh le híoc ag iarrthóirí ar na scrúduithe teistiméireachta atá ina mic léinn aitheanta ar scoil iar-bhunoideachais:

An Ardteistiméireacht	**€116**
(An Ardteistiméireacht Fheidhmeach san áireamh)	
An Teastas Sóisearach	**€109**

(b) **Iarrthóirí atá ag déanamh cúrsaí na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmiúla (VTOS), agus cúrsaí dá leithéid**
Seo thíos na táillí a bheidh le híoc ag iarrthóirí atá ag déanamh cúrsaí staidéir a eagraítear faoin Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmiúla, faoin Scéim Litearthacht Daoine Fásta agus Oideachais Phobail, faoi scéim dara leibhéal na Roinne Coimirce Sóisialaí do dhaoine dífhostaithe, nó cúrsaí dá leithéid. Is cúrsaí iad sin d'iarrthóirí nach mic léinn aitheanta ar na hiar-bhunscoileanna iad, agus dóibh sin amháin, agus d'fhéadfadh measc<u>á</u>n d'ábhair Ardteistiméireachta agus d'ábhair an Teastais Shóisearaigh araon a bheith ar siúl orthu.

An Ardteistiméireacht, 3 ábhar nó níos mó	**€116**
Measc<u>á</u>n d'ábhair Ardteistiméireachta agus d'ábhair an Teastais Shóisearaigh, 3 ábhar nó níos mó	**€116**
An Teastas Sóisearach, 3 ábhar nó níos mó	**€109**
An Ardteistiméireacht agus/nó an Teastas Sóisearach, 1 nó 2 ábhar	**€71**

(c) **Ath-iarrthóirí san Ardteistiméireacht**
Is é an táille atá le híoc ag mac léinn aitheanta a fhanann ar scoil chun scrúdú na hArdteistiméireachta a athdhéanamh ná **€301**. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon saoráid ann do mhic léinn aitheanta atá ag déanamh na hArdteistiméireachta athuair táille níos ísle a íoc i gcás nach ndéanann siad ach ábhar amháin nó dhá ábhar. Is gá an táille iomlán a íoc sna cásanna sin.

(d) **Iarrthóirí Ardteistiméireachta a dhéanann nua-theangacha Eorpacha ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh**:
Mar is eol do na scoileanna, is féidir le mic léinn atá ag dul isteach sa tsraith shinsearach siollabas an Teastais Shóisearaigh sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Spáinnis nó san Iodáilis a dhéanamh mar chuid dá gcúrsa údaraithe sa tsraith shinsearach, más rogha leis na scoileanna sin. Ní bheidh le híoc ag iarrthóir Ardteistiméireachta a dhéanfaidh scrúdú an Teastais Shóisearaigh i nua-theanga Eorpach ach an táille Ardteistiméireachta chuí.

2. **Díolúine ó Tháillí d'Iarrthóirí a bhfuil Cártaí Leighis acu**
Níl táillí scrúduithe le híoc ag iarrthóirí a bhfuil cárta leighis reatha acu ná ag iarrthóirí atá i dtuilleamaí tuismitheora nó caomhnóra a bhfuil cárta leighis reatha aige/aici. **Ní ghlacfar ach le cártaí leighis a bheidh bailí ar an dáta a gcaithfidh na foirmeacha comhlánaithe a bheith ar ais.**

N.B. Níl díolúine ó tháillí na scrúduithe dlite do dhaoine a bhfuil cárta 'G. P. Visit' acu nó atá i dtuilleamaí duine a bhfuil an cárta sin aige/aici.

3. **Forálacha íocaíochta**
Eiseofar a fhoirm réamhphriontáilte féin (EF3/G) do gach iarrthóir a chuireann isteach ar na scrúduithe. Is é cuspóir na foirme seo íoc as táillí na scrúduithe nó díolúine ó tháillí a éileamh i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu. Cuirfear na foirmeacha EF3/G chuig na scoileanna gan mórán achair.

Nuair a bheidh na foirmeacha stampáilte ag banc, nó comhlánaithe le mionsonraí cárta leighis ina gcás siúd a bhfuil díolúine cárta leighis acu, ba chóir iad a chur ar ais chuig an scoil lena seoladh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Iarrtar ar údaráis na scoileanna taifead a choinneáil ar na hiarrthóirí a íocann an táille chuí nó a éilíonn díolúine ar bhonn cárta leighis.

4. **Scéimeanna íocaíochta céimnithe a eagraíonn na scoileanna**
San am a chuaigh thart, roghnaigh roinnt scoileanna táillí na scrúduithe a bhailiú ó na mic léinn ar bhonn céimnithe. Ainneoin go molann an fhoirm EF3/G go ndéanfadh na mic léinn nó na tuismitheoirí íocaíocht dhíreach trí bhanc, tá cead ag na scoileanna, más rogha leo, leanúint orthu ag eagrú scéim thráthchodanna íocaíochta dá gcuid mac léinn. Scoileanna a roghnaíonn áis mar seo a chur ar fáil, beidh orthu an t-airgead ar fad a bhaileofar a sheoladh isteach le Gíoró i ndeireadh na dála, agus úsáid a bhaint as foirmeacha Gíoró na n-iarrthóirí indibhidiúla.

5. **Mura n-íocann Iarrthóirí Táillí na Scrúduithe**
Ní mór do gach iarrthóir táillí na scrúduithe a íoc le Coimisiún na Scrúduithe ach amháin má tá díolúine aige ó tháillí a íoc. Is coinníoll é a ghabhann le hiontráil ar na scrúduithe go n-íocfar **na táillí uile ina n-iomláine.** Má theipeann ar iarrthóir táillí na scrúduithe a íoc, d'fhéadfadh toradh tromchúiseach leanúint as sin. Tá sé de cheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit na pionóis seo a leanas a ghearradh ar iarrthóir mura n-íoctar táillí na scrúduithe:
   - Cead isteach chuig na scrúduithe teistiméireachta a dhiúltú
   - Torthaí na scrúduithe a choinneáil siar
   - Na torthaí a choinneáil siar ón Lár-Oifig Iontrála
   - Teastas na scrúduithe féin a choinneáil siar.

Ní aisíocfar táillí na scrúduithe ach amháin i gcúinsí fíor-eisceachtúla.

Iarrtar ar údaráis na scoileanna aird na n-iarrthóirí atá ag brath cur isteach ar na scrúduithe a dhíriú ar fhorálacha na litreach seo. Tá cóipeanna breise den litir in éineacht leis seo mar eolas do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí.

Tá sonraí na dtáillí go léir, táillí na n-iarrthóirí seachtracha san áireamh, ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie, sa rannóg Eolas faoi Scrúduithe.

Mary Downes
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Rann na dTáillí
Feabhra 2016

Teileafón: 090 644 2797/8/9

R-phost: info@examinations.ie.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

S15/16

To the Authorities of Second Level Schools.

ENTRY FEES FOR THE 2016 CERTIFICATE EXAMINATIONS

The rates of examination fees for entry to the 2016 Certificate Examination are as outlined in this Circular.

1. (a) **School Candidates**

The fees for entry to the 2016 Certificate Examinations payable by candidates who are recognised pupils in secondary schools are as follows:

Leaving Certificate (including Leaving Certificate Applied)	**€116**
Junior Certificate	**€109**

(b) **Candidates following VTOS and analogous courses**

Listed below are the fees payable by candidates who are following courses of study organised under the Vocational Training Opportunities Scheme, the Adult Literacy and Community Education Scheme, the Department of Social Protection second-level scheme for the unemployed, or other analogous courses. These courses open only to candidates who are NOT recognised pupils of post-primary schools, may include a mix of Leaving and Junior Certificate subjects.

Leaving Certificate subjects, 3 or more	**€116**
Mix of **Leaving** and **Junior Certificate** subjects, 3 or more	**€116**
Junior Certificate subjects, **3 or more**	**€109**
Leaving and/or **Junior Certificate**, **1 or 2** subjects	**€71**

(c) **Repeat Leaving Certificate Candidates**

The fee payable in respect of a recognised pupil who remains at school with a view to repeating the Leaving Certificate is **€301**. It is important to note that there is no provision for recognised pupils who are repeating the Leaving Certificate to pay a lower fee if they enter for only one or two subjects. In such cases the full fee must be paid.

(d) **Leaving Certificate Candidates taking Junior Certificate Modern Continental Languages**

As schools are aware, pupils entering senior cycle may, if schools so wish, take the Junior Certificate syllabus in French, German, Spanish or Italian as part of their approved senior cycle course. A candidate for the Leaving Certificate who will be sitting the Junior Certificate Examination in a modern continental language will be required to pay only the appropriate Leaving Certificate fee.

2. **Waiver of Examination Fees for Medical Card Holders**
Candidates who hold a full medical card or who are dependent on a parent or guardian who holds a full medical card are not liable for examination fees. **Medical cards will be accepted only if valid on the date completed forms must be returned.**

N.B. Holders or dependents of holders, of G.P. Visit Cards are not eligible for exemption from examination fees.

3. **Provisions for Payment**
At a later date an individual pre-printed form (EF3/G) will be provided for each candidate entered for the examinations. The purpose of this form is to pay for examination fees or to seek an exemption from examination fees in the case of Medical Card Holders. The EF3/G forms are due to issue to schools shortly.

When the EF3/G forms have been stamped by a bank, or completed with medical card details in the case of those covered by the medical card exemption, they should be returned to the school for transmission to the State Examinations Commission.
School authorities are requested to maintain records of candidates who either pay the appropriate fee or claim a waiver on medical card grounds.

4. **Schemes of Phased Payment Operated by Schools**
In the past, some schools have chosen to collect examination fees from students on a phased basis. While the EF3/G form encourages students and/or parents to make a direct payment through a bank, schools may, if they wish, continue to provide a gradual payment process for students. A school opting to provide such a facility would ultimately have to giro all monies collected by using the individual candidates' EF3/G forms.

5. **Consequences for Candidates of Non Payment of Examination Fees**

All candidates, unless they have a waiver from payment of fees, **must** pay their examination fees to the SEC. It is SEC policy to ensure **all fees are paid in full**. Failure to pay examination fees may have serious consequences for candidates and could result in the following sanctions;

- Refusal of admission to the Certificate Examination
- Withholding of examination results
- Withholding of the actual Examination Certificate
- Withholding of results from the CAO

Examination fees **are not refundable** other than in very exceptional circumstances

School authorities are requested to bring the terms of this letter to the notice of intending candidates. Additional copies of this letter are enclosed for the information of parents and teachers.

Details of all examination fees, including fee rates for External candidates, are available from the Examination Information Section of the SEC Website, www.examinations.ie

Mary Downes
Higher Executive Officer
Fees Section
February 2016